Cuntas Leithreasa 2012

# Vóta 29

# Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an cuntas ceithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 ar thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun deontais áirithe agus deontais i gcabhair éagsúla a íoc agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgeadteoranta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2012, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2011, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 6.

### Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite seo a leanas.

***Sócmhainní caipitil***

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar trealamh oifige/TF áirithe agus sócmhainní saintrealaimh a dhímheas thar 10 mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana ach déantar cuid eile a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

### Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach. Tá tuairisciú mionsonraithe míosúil don Choiste Bainistithe, ina gcomhcheanglaítear príomhfhaisnéis airgeadais, i bhfeidhm. Ceadaíonn sin bainistiú éifeachtach aschur, éifeachtúlachta agus cinntíonn sé luach airgid.
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais

- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn. Seo cuid den phróiseas pleanála gnó do gach rannán. Is é cuspóir an chórais ná na rioscaí a aithint agus a mheasúnú agus bearta a bhreacrianú leis na rioscaí sin a rialú agus a bhainistiú a bhfuil ar an Roinn aghaidh a thabhairt orthu. Déantar athbhreithniú ar an gCóras Bainistithe Riosca ar bhonn leanúnach.
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Le linn 2012, cuireadh san iomlán 11 iniúchadh i gcrích. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Aidan Dunning**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

28 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Lúnasa 2013

# Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

## Cuntas Leithreasa 2012

| | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Cumarsáid | | | | |
| | *Staid reatha* | 28,587 | | | |
| | *Forghéilleadh iarchurtha* | 800 | 29,387 | 16,710 | 21,691 |
| B | Craolachán | | 250,692 | 243,056 | 247,374 |
| C | Fuinneamh | | | | |
| | *Staid reatha* | 94,887 | | | |
| | *Forghéilleadh iarchurtha* | 15,000 | 109,887 | 90,966 | 123,017 |
| D | Acmhainní Nádúrtha | | 30,371 | 25,049 | 25,204 |
| E | Iascaigh Intíre | | 32,873 | 29,781 | 29,058 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Staid reatha* | 437,410 | | | |
| | *Forghéilleadh iarchurtha* | 15,800 | **453,210** | **405,562** | **446,344** |
| | *Bain as* | | | | |
| F | **Leithreasuithe-i-gcabhair** | | **243,676** | **237,320** | **239,648** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Staid reatha* | 193,734 | | | |
| | *Forghéilleadh iarchurtha* | 15,800 | | | |
| | | | **209,534** | **168,242** | **206,696** |

### Farasbarr le tabhairt suas

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabhháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhliain | 41,291,942 | 46,776,852 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | 10,400,000 | 15,800,000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 30,891,942 | 30,976,852 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 15,949 | 14,911 | 15,690 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 543 | 438 | 407 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,127 | 413 | 880 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 545 | 399 | 426 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 3,185 | 2,898 | 2,665 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 950 | 924 | 763 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus luach ar airgead agus athbhreithnithe polasaí | 2,045 | 919 | 1,364 |
| viii | Trealamh, stórtha agus cothabháil | 119 | 103 | 81 |
| ix | Uachtaránacht an AE | 156 | 80 | — |
| | | 24,619 | 21,085 | 22,276 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithghabhála

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 384,477 | 424,068 |
| Pá | | 14,972 | 15,690 |
| Caiteachas eile | | 6,113 | 6,586 |
| **Ollchaiteachas** | | **405,562** | **446,344** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasuithe-i-gcabhair** | | **237,320** | **239,648** |
| **Glanchaiteachas** | | **168,242** | **206,696** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (449) | | |
| Dímheas | 1,660 | | |
| | | 1,211 | 1,423 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid tirim | | (9) | (124) |
| **Athruithe ar Ghlansócmhainní Reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe dúnta | 1,458 | | |
| Laghdú ar stoc | 76 | | |
| | | 1,534 | 489 |
| **Caiteachas díreach** | | **170,978** | **208,484** |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 12,695 | 13,388 |
| Cíosanna barúlacha | | 3,266 | 3,257 |
| **Costas glan clár** | | **186,939** | **225,129** |

### 1.1 Glansuim Seirbhísí Gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas i leith Vóta 29 atá curtha chun dochair áit eile.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 7 Airgeadais | 71 | 132 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | — | 325 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 8,831 | 8,870 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,766 | 3,775 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | — | 59 |
| Príomhchiste - Pinsin airí | 27 | 227 |
| | 12,695 | 13,388 |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.3 | 5,366 | 6,355 |
| **Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt** | 2.4 | 26 | 239 |
| | | **5,392** | **6,594** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | 31,194 | 11,068 |
| Stoic | 2.6 | 234 | 310 |
| Réamhíocaíochtaí | | 84 | 373 |
| Ioncam fabhraithe | | 615 | 1,586 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 132 | 289 |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | | **32,259** | **13,626** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 276 | 78 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 1,437 | 1,461 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 29,889 | 9,896 |
| Inncam iarchurtha | | 101 | 101 |
| **Dliteanais Reatha Iomlána** | | **31,703** | **11,536** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **556** | **2,090** |
| **Glansócmhainní** | | **5,948** | **8,684** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Chuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **5,948** | **8,684** |

### 2.1 Chuntas Maoiniú Stáit

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 8,684 | 10,472 |
| Maoiniú tarraingthe síos | 2.2 | 180,937 | 220,084 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | 3,266 | 3,257 |
| Costas glan clár | 1 | (186,939) | (225,129) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **5,948** | **8,684** |

### 2.2 Maoiniú tarraingthe síos

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 209,534 | 253,473 |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (10,400) | (15,800) |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (30,892) | (30,977) |
| | | 168,242 | 206,696 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1.1 | 12,695 | 13,388 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **180,937** | **220,084** |

## 2.3 Shócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh Oifige | Trealamh Oifige/IT | Trealamh agus Mótar-fheithiclí | Iomláin |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ar 1 Eanáir 2012 | 859 | 1,239 | 20,031 | 3,811 | 25,940 |
| Breiseanna | — | 14 | 616 | 41 | 671 |
| Diúscairtí | — | — | (82) | — | (82) |
| Costas nó luacháil ar 31 Nollaig 2012 | 859 | 1,253 | 20,565 | 3,852 | 26,529 |
| **Dímheas Carnach** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar 1 Eanáir 2012 | — | 1,112 | 15,619 | 2,854 | 19,585 |
| Dímheas don bhliain | — | 60 | 1,387 | 213 | 1,660 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (82) | — | (82) |
| Dímheas carnach ar 31 Nollaig 2012 | — | 1,172 | 16,924 | 3,067 | 21,163 |
| **Glansócmhainní ar 31 Nollaig 2012** | **859** | **81** | **3,641** | **785** | **5,366** |
| **Glansócmhainní ar 31 Nollaig 2011** | **859** | **127** | **4,412** | **957** | **6,355** |

Níl na hiascaigh seo a leanas san áireamh i sócmhainní caipitil ach tá siad faoi úinéireacht ag an Aire agus faoi bhainistíocht ag Iascaigh Intíre na hÉireann.

i. Gaillimh
ii. Abhainn Fhia/Abhainn tSocair, Contae Dhún na nGall

Le stua siopadóireachta Shráid Annraoi Ard-Oifig an Phoist a baineann Talamh agus Foirgnimh.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i Líonraí Cathrach atá tógtha le cómhaoiniú ó údaráis áitiúla áirithe agus ón gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Tá suim iomlán de €158 milliún ranníoctha ag an Roinn do MANS suas go 31 Nollaig 2012. Níor aithníodh an t-ús seo i sócmhainní caipitil ós rud é gurb iad na húdaráis áitiúla úinéirí dlíthiúla na dtailte faoinar tógadh na líonraí. Tá údaráis áitiúla ag aithint MANS mar shócmhainní ina gcuid ráiteas airgeadais.

Is áis taighde é an tIonad Tástála Eiseamláire, ar leis an Aire í, is a forbraíodh le tacú le taighde i líonraí cumarsáide todhchaí agus na seirbhísí sin a chumasaíonn siad ag costas €10 milliún. Níor aithníodh í mar shócmhainn chaipitil ós rud é nach ngineann an áis ioncam agus nach bhfuil sí in úsáid ar bhonn leanúnach i ngníomhaíochtaí na Roinne. Osclaíodh an áis i 2010 agus táthar ag súil leis go leanfaidh sí uirthi de bheith ag feidhmiú go dtí 2015.

## 2.4 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

at 31 December

| | Feidhmchláir agus taighde ríomhaireachta |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna arna dtabhairt ar aghaidh ar 1 Eanáir 2012 | 239 |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 9 |
| Arna aistriú go clár na sócmhainní | (222) |
| Méideanna arna dtabhairt ar aghaidh ar 31 Nollaig 2012 | 26 |

## 2.5 Banc agus Airgead Tirim

| ar 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 31,499 | 11,368 |
| Orduithe amuigh | (305) | (300) |
| | 31,194 | 11,068 |

## 2.6 Stoic

| ar 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Trealamh TF | 28 | 29 |
| Suirbhé Geolaíochta na hÉireann | 198 | 266 |
| Páipéarachas | 8 | 15 |
| | 234 | 310 |

## 2.7 Iarmhéideanna dochair eile

| ar 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Dlite ón Stát | 1 | 1 |
| Fionraí | 131 | 288 |
| | 132 | 289 |

| **2.8 Iarmhéideanna sochair eile** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ar 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Méideanna dlite don stát | | |
| Cáin Shiarchoinneálach | 99 | 181 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 313 | — |
| Cáin Bhreisluacha | 233 | 137 |
| Scéim Phinsin Ranníocach | 2 | — |
| Géilleadh deonach pá | 4 | 8 |
| | 651 | 326 |
| Fionraí | 786 | 1,135 |
| | 1,437 | 1,461 |

| **2.9 Glandliteanas don Státchiste** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ar 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farrasbarr le tabhairt suas | 30,892 | 30,977 |
| Tabhairt suas arna iarchur | 10,400 | 15,800 |
| Deontas ón Státchiste gan tarraingt | (11,403) | (36,881) |
| Glandliteanas don Státchiste | 29,889 | 9,896 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 31,194 | 11,068 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 131 | 288 |
| Dlite ón Stát | 1 | 1 |
| | 31,326 | 11,357 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (651) | (326) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (786) | (1,135) |
| | (1,437) | (1,461) |
| | | |
| | 29,889 | 9,896 |

## 2.10 Ceangaltais

| ar 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| **(a) Tiomantais Dhomhanda** | | |
| Iomlán na dTiomantas infhorghníomhaithe le dlí | 1,879 | 1,291 |

**(b) Tioncadail Chaipitil Ilbhliantúla**

| | Caiteachas go 31 Nollaig 2011 | Caiteachas i 2012 | Blianta ina dhiaidh sin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Cláir TFC | 251,412 | 4,416 | 19,562 | 275,390 |
| Forbairtí Ilmheán | 24,230 | 5,604 | 14,000 | 43,834 |
| Cláir um fhuinneamh inbhuanaithe | 97,877 | 65,534 | 12,786 | 176,197 |
| Cláir taighde um fhuinneamh | 13,819 | 4,282 | 802 | 18,903 |
| Seirbhísí mianadóireachta | 11,189 | 70 | 3,000 | 14,259 |
| Tionscnaimh geo-eolaíochta | 9,842 | 2,436 | 3,811 | 16,089 |
| An suirbhé náisiúnta ar ghrinneall na mara | 23,526 | 3,044 | 2,400 | 28,970 |
| TG4 | 5,310 | 835 | 4,130 | 10,275 |
| | 437,205 | 86,221 | 60,491 | 583,917 |

Ní bhaineann figiúirí caiteachais don bhliain 2012 agus do na blianta roimhe sin ach le tionscadail a bhfuil ceangaltais orthu atá ceangailteach ó thaobh an dlí sa todhchaí.

## 2.11 Dliteanas teagmhasach

B’fhéidir go dtiocfaidh dliteanais airgeadais i gceist in 2013 agus sna blianta ina dhiaidh sin, ag brath ar thorthaí caingean dlí de chuid an AE nó pearsan eile atá ar siúl, ar feitheamh nó a d’fhéadfadh teacht. Ní féidir na méideanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo.

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastachán | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **A** | **Cumarsáid** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | | 3,249 | 3,020 | | 3,295 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | | 1,649 | 1,179 | | 1,317 |
| A.3 | Faisnéis agus cumarsáid clár teicneolaíochta | | 14,616 | 4,826 | | 8,831 |
| A.4 | Forbairtí ilmheán | | | | | |
| | *Staid reatha* | 7,621 | | | | |
| | *Forghéilleadh iarchurtha* | 800 | 8,421 | 7,415 | | 8,074 |
| A.5 | Sochaí na faisnéise agus rChuimsiú | | 950 | 270 | | 174 |
| A.6 | Ciste Bainistíochta ar na hAthruithe do Chomhlachtaí Neamh-Thráchtála arna maoiniú ag an Roinn | | 1 | — | | — |
| A.7 | Seirbhísí eile | | 501 | — | | — |
| | | | **29,387** | **16,710** | | **21,691** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €12,677,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú/(mó) ná an méid a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - caiteachas eile | 470 | Sábháil mar nach ndeachaigh comhairleachtaí áirithe ar aghaidh agus de bharr iarrachtaí na Roinne caiteachas riaracháin iomlán a laghdú. |
| Faisnéis agus cumarsáid clár teicneolaíochta | 9,790 | Sábháil go háirithe de bharr: (a) caiteachas ar Scéim Leathanbhanda Scoileanna níos lú ná mar a ceapadh mar gheall ar mhoill i gcur i bhfeidhm agus laghdú sa mheastachán bunaidh i gcostas suiteála don scéim. (b) soláthróirí seirbhís idirlín sa scéim leathanbhanda tuaithe ag tairiscint seirbhísí d'iarratasóirí gan gá le fóirdheontas. |
| Sochaí na faisnéise agus rChuimsiú | 680 | Coigilteas mar gheall ar mhuirir thacaíochta agus chothabhála níos ísle i dtaca leis an tsaotharlann líonra chumarsáide, caiteachas TE a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis sa Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála agus moill i dtosú tionscadal na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála |
| Seirbhísí eile | 501 | Sábháil mar nach raibh gá leis an chiste teagmhais caipitil. |

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Craolachán** | | | |
| B.1 | Riarachán – Pá | 1,121 | 1,042 | 941 |
| B.2 | Riarachán - caiteachas eile | 476 | 336 | 329 |
| B.3 | Deontas do Radio Teilifís Éireann le haghaidh táillí ceadúnais chraolacháin (deontas-i-gcabhair) | 185,724 | 179,200 | 182,444 |
| B.4 | Íocaíocht leis bPost le haghaidh bhailiú táillí ceadúnais chraolacháin | 12,457 | 12,397 | 12,405 |
| B.5 | Deontas i leith Theilifís na Gaeilge (deontas-i-gcabhair) | 33,585 | 33,585 | 36,260 |
| B.6 | Ciste Craolacháin | 14,704 | 14,184 | 14,420 |
| B.7 | Deontais le haghaidh teilifíse trastíre digití | 2,625 | 2,312 | 575 |
| | | **250,692** | **243,056** | **247,374** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár B €7,636,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur Síos** | **Níos lú/(mó) ná an méid a soláthraíodh** **€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - caiteachas eile | 140 | Sábháil mar nach ndeachaigh comhairleachtaí áirithe ar aghaidh agus be bharr iarrachtaí na Roinne caiteachas riaracháin iomlán a laghdú. |
| Deontas do Radio Teilifís Éireann | 6,524 | Tá íocaíochtaí deontais do RTÉ neodrach ó thaobh an vóta de agus bíonn siad spleách ar ioncam ón gceadúnas teilifíse, a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Deontais le haghaidh teilifíse trastíre digití | 313 | Sábháil mar nár úsáideadh teagmhais i bhfeidhm go hiomlán. |

| | | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastachán | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **C** | **Fuinneamh** | | | | | |
| C.1 | Riarachán – Pá | | 3,599 | 3,346 | | 3,923 |
| C.2 | Riarachán - caiteachas eile | | 2,029 | 1,461 | | 1,383 |
| C.3 | Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann - costais riaracháin agus ghinearálta (deontas-i-gcabhair) | | 8,265 | 7,359 | | 7,763 |
| C.4 | Cláir fuinnimh inbhuanaithe (teoranta d'airgeadtirim) | | | | | |
| | *Soláthar don Bhliain Reatha* | 72,406 | | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 15,000 | 87,406 | 72,698 | | 100,500 |
| C.5 | Cláir fhuinnimh inbhuanaithe (airgead teoranta) | | 8,315 | 5,901 | | 9,252 |
| C.6 | Infreastruchtúr straitéiseach fuinnimh | | 1 | — | | — |
| C.7 | Seirbhísí gáis | | 32 | 32 | | 32 |
| C.8 | Síntiúis d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta | | 240 | 169 | | 164 |
| | | | **109,887** | **90,966** | | **123,017** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár C €18,921,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur Síos** | **Níos lú/(mó) ná an méid a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - caiteachas eile | 568 | Sábháil mar nach ndeachaigh comhairleachtaí áirithe ar aghaidh agus be bharr iarrachtaí na Roinne caiteachas riaracháin iomlán a laghdú. |
| Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann - costais riaracháin agus ghinearálta (deontas-i-gcabhair) | 906 | Sábháil mar go raibh an meán-uimhir fostaithe san Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann níos lú ná mar a ceapadh agus mar gheall ar shábháil éagsúil neamh-phá. |
| Cláir fuinnimh inbhuanaithe (teoranta d'airgeadtirim) | 14,708 | Sábháil mar nár ghlac an oiread daoine agus a ceapadh leis na scéimeanna deontais tráchtála agus baile faoin Clár Fuinnimh Níos Fearr. |
| Cláir fhuinnimh inbhuanaithe (airgead-teoranta) | 2,414 | Sábháil go háirithe mar nach ndeachaigh tionscadail taighde chun cinn chomh gasta agus a ceapadh. |

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Acmhainní Nádúrtha** | | | |
| D.1 | Riarachán - Pá | 6,854 | 6,372 | 6,433 |
| D.2 | Riarachán - caiteachas eile | 3,826 | 2,761 | 3,162 |
| D.3 | Seirbhísí Peitriliam | 1,367 | 1,119 | 1,183 |
| D.4 | Seirbhísí Mianadóireachta | 4,045 | 259 | 1,971 |
| D.5 | Seirbhísí SGÉ | 540 | 466 | 488 |
| D.6 | Tionscnaimh Gheo-Eolaíochta | 2,138 | 2,436 | 1,437 |
| D.7 | An Suirbhé Náisiúnta ar Ghrinneall na Mara | 3,000 | 3,044 | 2,944 |
| D.8 | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (deontas-i-gcabhair) | 8,466 | 8,466 | 7,451 |
| D.9 | Síntiúis d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta | 135 | 126 | 135 |
| | | **30,371** | **25,049** | **25,204** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár D €5,322,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú/(mó) ná an méid a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - caiteachas eile | 1,065 | Sábháil mar nach ndeachaigh comhairleachtaí áirithe ar aghaidh agus be bharr iarrachtaí na Roinne caiteachas riaracháin iomlán a laghdú. |
| Seirbhísí Peitriliam | 248 | Sábháil go háirithe mar gheall ar mhoill measúnú straitéiseach timpeallachta d'ola agus gás in Imchuacha Atlantacha Amach ó Chósta na hÉireann a chríochnú. |
| Seirbhísí Mianadóireachta | 3,786 | Sábháil mar gheall ar mhoill i dtús a chur le hobair dheisiúcháin i mianach stáit agus d'fhoráil do chásanna dlí a d'fhéadfadh tarlú nár socraíodh fós. |
| Tionscnaimh Gheo-Eolaíochta | (298) | Róchaitheamh de bharr an Tellus Border Geological Project a bheith chun tosaigh ar an sceideal. Dá bharr sin, bhí méadú dá réir in ioncam don tionscadal atá léirithe i bhFotheideal F5. |

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **E** | **Iascaigh Intíre** | | | |
| E.1 | Riarachán – Pá | 1,282 | 1,192 | 1,098 |
| E.2 | Riarachán - caiteachas eile | 534 | 376 | 395 |
| E.3 | Iascach Intíre | 31,057 | 28,213 | 27,565 |
| | | **32,873** | **29,781** | **29,058** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár E €3,092,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú/(mó) ná an méid a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - caiteachas eile | 158 | Coigilteas ós rud é nach ndeachthas ar aghaidh le roinnt comhairleachtaí agus mar gheall ar iarrachtaí na Roinne an caiteachas riaracháin iomlán a laghdú. |
| Iascach Intíre | 2,844 | Sábháil mar gheall ar chaiteachas caipitil níos lú d'Iascaigh Intíre na hÉireann ná mar a ceapadh. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasuithe-i-gcabhair | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais ó fhíneálacha agus fhorghéilleadh maidir le cionta iascaigh | 50 | 36 | 28 |
| 2. | Fáltais de bhun an Achta Forbartha Mianraí 1940 agus de bhun an Achta um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile, 1960 | 12,341 | 12,376 | 13,382 |
| 3. | An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | 1,166 | 1,104 | 1,175 |
| 4. | Táillí ceadúnais chraolacháin | 222,130 | 215,028 | 217,759 |
| 5. | Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann | 1,100 | 1,344 | 305 |
| 6. | Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist | 223 | 222 | 192 |
| 7. | Seirbhís freagartha glaonna éigeandála | 250 | 250 | — |
| 8. | Ilghnéitheach | 2,446 | 2,815 | 2,506 |
| 9. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 3,970 | 4,145 | 4,301 |
| | **Iomlán** | **243,676** | **237,320** | **239,648** |

| **Ilghnéitheach** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ranníocaíocht pinsin ó Fhuinneamh Inmharthana Éireann | 224 | 225 |
| Ranníocaíocht pinsin ó Choimisiún Craolacháin na hÉireann | 679 | 771 |
| Ranníocaíocht pinsin ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann | 400 | 409 |
| Ranníocaíocht pinsin ón nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach | 293 | — |
| Costais a aisghabhadh ó chomhlachtaí eile | 56 | 69 |
| Próiseas fíoraithe na Coiribe | 255 | 274 |
| Ríchíosanna i leith Líonraí Cathrach | 786 | 735 |
| Eile | 122 | 23 |
| **Iomlán** | **2,815** | **2,506** |

**Míniú ar na héagsúlachtaí is cuid suntais**

Tá míniú tugtha thíos i gcás gach fotheidil nuair ba mhó ná €100,000 agus ná 5% an difríocht idir an tsuim a réamh-mheasadh agus an toradh.

| **Cur Síos** | **Níos lú/(mó) ná an méid a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Táillí ceadúnais chraolacháin | 7,102 | Tá táillí ceadúnais craolacháin ag brath ar dhíolacháin ceadúnais teilifíse agus ní féidir leibhéal na n-admhálacha a mheas go cruinn. |
| Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann | (244) | Admhálacha níos airde ná mar a ceapadh mar gheall ar an Tellus Border Geological Project a bheith chun tosaigh ar an sceideal |
| Ilghnéitheach | (369) | Fáltais níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis go príomha mar gheall ar íocaíocht dhéanamh roinnt ranníocaíochtaí pinsin do 2011 agus méadú i ndleachtanna MANS. |

**4.2 Admhálacha sa bhreis iníoctha leis an Státchiste**

Aistríodh fáltais eile ar luach iomlán €3,371,531 chuig an Státchiste le linn na bliana.

San iomlán fuarthas €3,351,185 ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Sháraigh na cistí a gineadh faoi scéim Rátála Fuinnimh an Fhoirgnimh (RFF) agus bhí mar thoradh air sin farasbarr de €2,820,465. Riachtanas de chuid Treoir an AE um Fheidhmíocht Fuinnimh Foirgnimh atá sa scéim RFF. Baineann €530,720 le haisíocaíocht deontas ó iarrthóirí nár chomhlíon a thuilleadh na coinníollacha ábhartha scéime.

€20,346 a géilleadh go deonach.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne ag deireadh na bliana** (mar aonaid lánaimseartha) | | |
| Roinn | 248 | 259 |
| Gníomhaireachtaí | 900 | — |
| | 1,148 | 259 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 27,329 | 14,715 |
| Liúntais le haghaidh dualgas ard, speisialta nó breise | 125 | 105 |
| Liúntais eile | 1,400 | 80 |
| Ragobair | 199 | 47 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,872 | 743 |
| **Pá iomlán** | **31,925** | **15,690** |

Baineann leibhéil fhoirnithe 2011 le foireann na Roinne amháin.

San áireamh i líon na mball foirne a bhí fostaithe ag deireadh 2012, tá roinnt gníomhaireachtaí neamh-thráchtála Stáit nach bhfaigheann cistiú díreach ón státchiste.

Tagraíonn na socruithe íocaíochta do ghné pá na bhFotheideal A1, A4, B1, C1, C3, D1, E1 agus E3.

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon daoine a fuair | Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2012 | 2011 |
| | | | € | € |
| Dualgais arda, speisialta nó bhreise | 17 | 8 | 20,614 | 20,614 |
| Liúntais eile | 374 | 2 | 12,227 | 7,098 |
| Ragobair | 48 | 3 | 18,233 | 9,133 |

Fuair daoine áirithe íocaíocht sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin.

Baineann sonraí comparáide 2011 le baill foirne Roinne amháin.

**5.2 Socruithe Eile Luach Saothair – Foireann na Roinne**

Rinneadh íocaíocht ex-gratia €11,936 le hiarfhostaí maidir le sochair scoir chomhaontaithe.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón AE

Áiríonn an toradh a léirítear d'Fhotheideal A.3 do 2012 caiteachas a cómhaoiníodh as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

### 6.2 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

€56,267 (2011: €152,264) i leith costas éagsúil a tháinig as an mbaint a bhí ag an Roinn le Binse Moriarty.

### 6.3 Ilghnéitheach eile

Rinne an Roinn íocaíocht de €15,000 leis na Coimisinéirí Ioncaim mar gheall ar nochtadh cáilitheach a tugadh i dtaca le húsáid cháin chonarthaí iomchuí. Níor tharla aon dliteanas cánach sa bhreis de bharr an nochta.

### 6.4 Ciste Cláir Bhonneagair Pheitriliam

Ráiteas ar fháltais agus íocaíochtaí Chiste Cláir Bhonneagair Pheitriliam don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012.

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | 7,284 | 6,563 |
| Fáltais | 1,109 | 1,104 |
| Íocaíochtaí | (277) | (383) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | 8,116 | 7,284 |

Bunaíodh an Clár Bonneagair Pheitriliam (CBP) i 1997 agus tá sé maoinithe ag cuideachtaíola le ceadúnais taiscéalaíochta amach ón gcósta eisithe ag an Rannán Gnóthaí Peitriliaim. Tá sé mar aidhm aige taiscéalaíocht agus gníomhaíochtaí forbartha hidrea-carbóin a chur chun cinn trí struchtúir tacaíochta áitiúla a láidriú, maoiniú ar bhailithe sonraí taighde agus taighde 'bunaithe ar an talamh' i limistéir amach ó chósta na hÉireann agus soláthraíonn sé fóram comhoibrithe i measc taisceolaithe agus taighdeoirí. Taifeadtar fáltais maidir leis an CBP ciste mar leithreasaí-i-gcabhair agus íoctar iad isteach sa chiste trí mheán Fotheidil D.3.

Déantar an ciste a riar ag Rannóg Gnóthaí Peitriliam na Roinne. Ós rud é go gcuirtear na cistí PIP ar fáil ag tionscal an ola ní chuirtear iad san áireamh i gclár comhardaithe na Roinne.

### 6.5 Tabhairt ar aghaidh

Faoi fhorálacha Ailt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €10.4 milliún den leithdháileadh neamhchaite maidir le heilimintí caipitil na bhfotheideal C.4 ar aghaidh go 2013.